Meitheamh 2016

A Phríomhoide, a chara,

Beidh Seirbhís Leabharlainne Chontae Fhine Gall ag eagrú *Clár Léitheoireachta Réalta an tSamhraidh* do pháistí le linn laethanta saoire an tsamhraidh ó tús mhí Iúil go dtí deireadh mhí Lúnasa. Tá an Clár seo saor in aisce agus tá fearadh na fáilte roimh gach páiste agus a dteaghlaigh a bheith páirteach ann. Tá lúcháir orainn a bheith ag obair le múinteoirí agus le teaghlaigh chun páistí a choinneáil ag léamh agus ag scríobh agus ag glacadh páirte in go leor imeachtaí sultmhara agus sa scéalaíocht le linn mhíonna an tsamhraidh.

Gach páiste a chláraíonn le Réalta an tSamhraidh sa leabharlann áitiúil beidh deis acu sult a bhaint as a lán leabhar den chéad scoth le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Gheobhaidh siad *Cárta Léitheoireachta Réalta Samhraidh* dá gcuid féin le taifead a choinneáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu, agus cuirfear stampa ar a gcárta léitheoireachta sa leabharlann i ndiaidh dóibh gach leabhar a chríochnú. Beidh duaiseanna beaga i rith an ama. Ag deireadh an dúshláin, beidh deis ag gach páiste a ghlacfaidh páirt freastal ar ócáid ar leith nuair a bhronnfar teastas orthu.

Beidh deis ag páistí agus ag teaghlaigh, chomh maith, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sultmhara léitheoireachta ar leathanaigh idirlín Réalta Samhraidh ar www.librariesireland.ie/summer-stars/. Tá go leor gníomhaíochtaí spraiúla, cluichí, ríomhleabhair chainte, scéalta, nodanna léitheoireachta, moltaí léitheoireachta agus agallaimh ghreannmhara le húdair do pháistí agus daoine mór le rá eile.

Beidh imeachtaí le haghaidh páistí sna leabharlanna fosta le linn an tsamhraidh.

Is mise le meas,

Leabharlann Shoird.